

Glantóir Páirtaimseartha

Bí páirteach i gcuideachta nuálach agus forásach san Iarthar!

Cuideachta nuálach deartha, déantúsaíochta agus tástála is ea ÉireComposites atá ag plé le hábhair chomhchodacha éadroma, ardfheidhmíochta, snáithín-threisithe, agus bonn ardchaighdeáin custaiméirí idirnáisiúnta acu de bhreis agus 70 cuideachta sna hearnálacha aeraspáis, fuinnimh in-athnuaite agus uathghluaisneacha. Tá saoráidí creidiúnaithe aeraspáis déantúsaíochta agus tástála bunaithe ag ÉireComposites (www.ÉireComposites.com) i nGaillimh, Éire, agus tá maoin intleachtúil shuntasach acu i ndéantúsaíocht agus in uirlisiú d'ábhair chomhchodacha.

Faoi láthair, tá muid ag lorg glantóir páirtaimseartha chun dul ar ár bhfoireann chairdiúil! Beidh tú ag obair trí uair an chloig gach Déardaoin agus Aoine go seachtainiúil agus beidh tú sásta clúdach saoire/tinnis a thabhairt ó am go chéile ar an Luan, Máirt agus Céadaoin.

Mar ghlantóir páirtaimseartha ag ÉireComposites agus CTL, beidh na nithe seo a leanas áirithe den chuid is mó leis na freagrachtaí atá luaite thíos, gan a bheith teoranta leo:

Freagrachtaí:

- A theacht ar obair in am agus gach tasc a chríochnú de réir an nós imeachta glantacháin a bheidh curtha ar fáil, ag cinntiú go mbeidh ardleibhéal glaineachta agus láithrithe bainte amach.
- Bailchríoch a chur ar thaifid ghlantacháin.
- Cinntiú go bhfuil na hábhair agus an trealamh ceart sa stoc.
- Cinntiú go leanfar i gcónaí de na modhanna cearta glantacháin agus de nós imeachta glantacháin na cuideachta agus go gcoinneofar an trealamh glan agus i ndea-chaoi.
- Fáil réidh le bruscar ar bhealach sábháilte de réir mar is gá agus ag deireadh gach seal oibre.
- Aon fhabhtanna trealaimh a thuairisciú go sciobtha.
- Comhlíontacht le nósanna imeachta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an obair a chinntiú agus a chur chun cinn go gníomhach.
- Cinntiú go mbeidh gach PPE á chaitheamh nuair is infheidhmithe.
- Aon timpistí nó teagmhais a thuairisciú don bhainisteoir oibríochtaí.
- Cumarsáid a dhéanamh leis an nglantóir páirtaimseartha a oibríonn ar na laethanta malartacha.
- Fostaithe eile a thraenáil de réir mar a bheidh gá leis chun an tsolúbthacht is fearr a bhaint amach do na fostaithe.
- B'fhéidir go n-iarrfaí ort oibriú asat féin nó mar chuid d'fhoireann.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí traenála agus forbartha
- Níl sé i gceist go mbeadh an sainchuntas poist seo teorantach agus is féidir é a athrú ó am go ham chun freastal ar riachtanais athraitheacha na cuideachta.

Riachtanais:

- Tá gá le leibhéal maith Gaeilge/ Béarla labhartha agus scríofa don ról.
- Cur chuige eagraithe agus críochnúil mar aon le hardleibhéal pointeáilteachta.

- Cumais láidre chumarsáide agus bhainistíochta ama.
- Oibriú go maith asat féin nó le daoine eile.

Seol isteach d'fhormáid CV féin, le do thoil. Ar an drochuair, ní féidir linn freagra a thabhairt ar gach CV a fhaigheann muid mar gheall ar an líon acu a bhíonn i gceist. Ach é sin ráite, tabharfaidh muid freagra d'iarrthóirí a thagann chuig agallamh agus cuirfear aiseolas ar fáil má iarrtar é. Tá ár sainchuntais poist go léir ar fáil go hiomlán i mBéarla agus i nGaeilge araon ar www.eirecomposites.com, agus ansin freisin gheobhaidh tú breis eolais faoinár ngnó. Seol do CV go dtí hr@eirecomposites.com.

Buntáistí:

- Tuarastal ag an íosráta do ghlantóir, €11.55 san uair.
- Rochtain éasca – 25 nóim ó Chnoc na Cathrach,
- Ról buan.
- Pinsean cuideachta.
- Árachas 'bás le linn seirbhíse'/saoil.
- Fiche lá saoire bhliantúil.
- Imeachtaí/tionscnaimh folláine agus foirne.
- Traenáil & forbairt.
- Páirceáil & ceaintín ar an láthair.
- Cuirfear éadaí oibre ar fáil.